Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 11 Aibreán 2025
(OR. en)

7548/25
PV CONS 17
ENV 212
CLIMA 92
*PARLNAT*

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Comhshaol)

27 Márta 2025

1. **Glacadh an chláir oibre**

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 7172/25 agus mír faoi 'Aon ghnó eile' (mír nua 5(g)) curtha leis, arna iarraidh sin don Fhrainc.

2. **Formheas na míreanna 'A'**

**Liosta neamhreachtach** 7314/25

Ghlac an Chomhairle gach mír 'A' a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n- áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tíolacadh lena nglacadh.

Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis na míreanna sin san Aguisín.

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

3. **Gné chomhshaoil an Chomhaontaithe maidir le Tionsclaíocht Ghlan** [2] 6934/25
*Seisiún tuairimíochta*

Bhí seisiún tuairimíochta ag an gComhairle bunaithe ar an nóta a d'ullmhaigh an Uachtaránacht, mar a leagtar amach sa doiciméad thuas.

4. **Beartais chomhshaoil dhomhanda**[1] [2] 6937/25
*Seisiún tuairimíochta*

Bhí seisiún tuairimíochta ag an gComhairle bunaithe ar an nóta a d'ullmhaigh an Uachtaránacht, mar a leagtar amach sa doiciméad thuas.

**Aon ghnó eile**

5. (a) Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha níos éifeachtaí le haghaidh tionscal iomaíoch dícharbónaithe san Aontas 7279/25
*Faisnéis ón Iodáil, ón bhFrainc agus ón tSlóvaic*

[1] I láthair Fo-Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe agus Stiúrthóir Feidhmiúcháin Chlár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe.

**(b) Loingsiú trasteorann na dramhaíola — feabhas a chur ar inrochtaineacht faisnéise d'údaráis inniúla agus comhlachtaí rialaithe, lena n-áirítear i gcásanna ina loingsítear dramhaíl go neamhdhleathach**
*Faisnéis ón tSeicia, ón bhFrainc, ón gCróit, ón Laitvia, ón Liotuáin, ón Ungáir, ón Rómáin, ón tSlóvaic agus ón tSlóivéin*

6957/1/25 REV 1

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an tSeicia, an Fhrainc, an Chróit, an Laitvia, an Liotuáin, an Ungáir, an Rómáin, an tSlóvaic agus an tSlóivéin ar fáil, chomh maith leis an idirghabháil ó thoscaireachtaí eile agus ón gCoimisiún.

**(c) Tuarascálacha ar phríomhchruinniú idirnáisiúnta a bhí ann le déanaí**
**Seisiún atosaithe de Chomhdháil na Náisiún Aontaithe maidir leis an mBithéagsúlacht**
**(An Róimh, an Iodáil, an 25-27 Feabhra 2025)**
- **COP 16.2 sa Choinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht**
- **COP- MOP 11.2 ag feidhmiú mar Chruinniú na bPáirtithe i bPrótacal Cartagena ar an mBithshábháilteacht**
- **COP- MOP 5.2 ag feidhmiú mar Chruinniú na bPáirtithe i bPrótacal Nagoya maidir le Rochtain agus Comhroinnt Tairbhí**

*Faisnéis ón Uachtaránacht agus ón gCoimisiún*

7032/25

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht agus an Coimisiún ar fáil, chomh maith leis an idirghabháil ó thoscaireachtaí eile.

**(d) Tionchair fhogha na Rúise faoin Úcráin ar an gcomhshaol[2]**
*Cur i Láthair*

7376/25

Thug an Chomhairle dá haire an cur i láthair a rinne an tAire Úcránach, chomh maith leis an idirghabháil ó thoscaireachtaí eile.

---

[2] Cur i láthair ó Aire Cosanta Comhshaoil agus Acmhainní Nádúrtha na hÚcráine.

(e) **Tuarascáil ar iarrachtaí réigiúnacha rialachais aigéin agus farraigí Choinbhinsiún Barcelona agus ar na torthaí a bhí ann le déanaí** 7033/25
*Faisnéis ón tSlóivéin*

Thug <u>an Chomhairle</u> dá haire an fhaisnéis a chuir an tSlóivéin ar fáil, chomh maith leis an idirghabháil ó thoscaireachtaí eile.

(f) **Straitéis Náisiúnta um Bainistiú Uisce — 'Uisce a Aontaíonn'** 7421/25
*Faisnéis ón bPortaingéil*

Thug <u>an Chomhairle</u> dá haire an fhaisnéis a chuir an Phortaingéil ar fáil.

(g) Sásraí chun praghsanna lamháltais a chobhsú i scéimeanna trádála astaíochtaí 7414/25
*Faisnéis ón bhFrainc*

---

Plé poiblí arna mholadh ag an Uachtaránacht (Airteagal 8(2) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle)